COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026 (OR. en)

AD 88/26

LIMITE

CONF-ME 39

PUBLIC

DOICIMÉAD AONTACHAIS

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Caibidil 12: sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus físeasláintíochta

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

Caibidil 12: sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteasláintíochta

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Cuireann an tAontas i dtreis go leanfaidh Montainéagró den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus tugann sé dá aire go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas nó go bhféadfaí reachtaíocht ábhartha an Aontais a thabhairt cothrom le dáta chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, i seasamh caibidlíochta AD 4/16 REV1 CONF-ME 3 agus AD 59/26 CONF-ME 23 uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 12 mar atá i bhfeidhm ón 30 Meitheamh 2026, agus go ndearbhaíonn Montainéagró go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta an aontachais leis an Aontas Eorpach, cé is moite de na réimsí sin ar iarr sé idirthréimhsí ina leith:

- déanfar cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le ceanglais struchtúracha bunaíochtaí áirithe in earnálacha na feola, an bhainne, an éisc agus na n-uibheacha, mar a leagtar amach i Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus Uimh. 853/2004, a dhíolmhú go dtí an 31 Lúnasa 2030.

- déanfar cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le bailiú agus próiseáil bainne amh nach gcomhlíonann go hiomlán na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a dhíolmhú go dtí an 31 Nollaig 2030.

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí Mhontainéagró, meabhraítear don Aontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go mbeidh bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus gur gá plean a bheith ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun an *acquis* a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfar saobhadh suntasach iomaíochta a bheith mar thoradh orthu.

Ag eascairt as athscrúdú cúramach a dhéanamh agus na bearta is bonn leis an gcreat rialála agus nós imeachta is gá chun ceanglais sábháilteachta bia an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach i Montainéagró á gcur san áireamh, measann an tAontas go bhfuil iarrataí Mhontainéagró inghlactha, faoi réir na gcoinníollacha agus an phróisis faireacháin a fhorordaítear thíos.

Thairis sin, measann an tAontas gur cheart foráil a dhéanamh san Ionstraim Aontachais maidir leis an mbunús dlí is gá chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh i gcás inar gá sin chun an t-aistriú a éascú ón gcóras atá i Montainéagró chuig an gcóras a eascraíonn as rialacha tréidliachta, fíteashláintíochta agus sábháilteachta bia an Aontais a chur i bhfeidhm. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Ba cheart é a bheith indéanta na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana tar éis dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

PUBLIC

Sábháilteacht Ghinearálta Bia

Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh dlí nua maidir le sábháilteacht bia i mí Aibreáin 2026. Tugann an tAontas dá aire go ndéantar Montainéagró a ailíniú a thuilleadh leis an reachtaíocht sin le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 trí na prionsabail agus na ceanglais a leagan síos lena gcumhdaítear gach céim de tháirgeadh agus de dháileadh bia/beatha, inrianaitheacht bia agus beatha, agus oibleagáidí agus freagrachtaí oibreoirí gnólachtaí bia agus beatha. Leagann an tAontas béim ar thábhachtaí atá sé go ndéanfadh Montainéagró ailíniú breise le reachtaíocht thánaisteach an Aontais sa réimse sin agus go gcuirfeadh sé chun feidhme í.

Maidir le **rialuithe oifigiúla**, is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an dlí maidir le rialuithe oifigiúla atá ailínithe le Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla agus ailíniú reachtach a ullmhú i ndáil le rialacha an Aontais maidir le hallmhairí i mí na Bealtaine 2026. Tugann an tAontas dá aire pleananna Mhontainéagró ailíniú iomlán a dhéanamh sa réimse sin faoin gceathrú ráithe de 2027. Tugann sé dá aire freisin an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir leis an acmhainneacht agus an bonneagar riaracháin ábhartha a bhunú agus a fhorbairt le haghaidh rialuithe oifigiúla ag na húdaráis inniúla i gcomhréir leis an *acquis*. Áirítear leis sin an cistiú, feadh an tslabhra sábháilteachta bia ina iomláine, agus ar theacht isteach ó thíortha eile, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró nuashonruithe rialta a chur ar fáil maidir leis an ábhar sin go dtí tráth an aontachais, lena n-áirítear maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le caighdeánú na nósanna imeachta um rialuithe oifigiúla, go háirithe acmhainneachtaí riaracháin, seirbhísí cigireachta, tacaíocht saotharlainne agus rialuithe teorann a neartú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire cinneadh Mhontainéagró sé phost rialaithe teorann – atá beartaithe faoin Treochlár le haghaidh poist rialaithe teorann – a thógáil agus a uasghrádú, mar atá Aerfort Golubovci, Božaj, Calafort Bar, Kula, Dobrakovo agus Ilino Brdo. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró tógáil, uasghrádú agus feistiú a shé phost rialaithe teorann ag na pointí iontrála a thabhairt chun críche, ionas go mbeidh siad ag feidhmiú go hiomlán tráth an aontachais agus nuashonruithe rialta a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn go dtí go mbeidh na poist rialaithe teorann ag feidhmiú, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha i gcás moilleanna. Go háirithe, déanfaidh an tAontas faireachán ar dhul chun cinn Mhontainéagró maidir le tógáil agus trealamh na bpost rialaithe teorann le haghaidh ainmhithe beo, áit a gceanglaítear seiceálacha leasa ainmhithe a dhéanamh. Tugann an tAontas dá haire na pleananna teagmhasacha a cuireadh ar fáil sa nuashonrú ar an treochlár thuasluaite i mí an Mheithimh 2026, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an moill a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le poist rialaithe teorann oibríochtúla a sheachadadh. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór do na poist rialaithe teorann a bheith i gcomhréir go hiomlán le haghaidh teacht isteach ainmhithe agus earraí faoi dháta an aontachais. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh Montainéagró nuashonruithe rialta ar fáil maidir le tógáil, feistiú agus stádas oibríochtúil na bpost rialaithe teorann, go dtí go mbeidh na sé phost rialaithe teorann faoi lánseol, lena n-áirítear tuarascáil amháin ar a laghad faoi mhí Iúil 2027 agus tuarascáil amháin faoi mhí na Nollag 2027. Déanfar measúnú sna tuarascálacha ar stádas oibríochtúil na sé phost rialaithe teorann, lena n-áirítear aon mhoill a sainaithníodh, agus tabharfar cothrom le dáta na cásanna teagmhasacha a d'fhéadfaí a chur chun feidhme.

Cuireann an tAontas i dtreis nach mór do Mhontainéagró a áirithiú go n-úsáidfear feidhmeanna ábhartha uile chóras faisnéise TRACES i ngach post rialaithe teorann agus go n-úsáidfidh na cigirí uile iad i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

PUBLIC

Maidir leis na **saotharlanna**, tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir leis an bpleanáil atá ar bun i dtaca le líonra de shaotharlanna tagartha náisiúnta (STN) a ainmniú le haghaidh rialuithe oifigiúla do gach saotharlann tagartha de chuid an Aontais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ar intinn ag Montainéagró na saotharlanna tagartha náisiúnta a ainmniú faoi mhí na Nollag 2026 agus na saotharlanna tagartha náisiúnta sin a bheidh lonnaithe i mBallstát an Aontais a ainmniú faoi mhí an Mheithimh 2027. Tugann an tAontas dá aire na hinfheistíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun acmhainneachtaí na saotharlann a uasghrádú trí threalamh a nuachóiriú agus trí mhodhanna creidiúnaithe a fhorbairt do líonra shaotharlanna Mhontainéagró. Aithníonn an tAontas an fhaisnéis an-mhionsonraithe a mhéid a bhaineann leis an acmhainneacht saotharlainne, an phleanáil maidir le saotharlann tagartha náisiúnta a ainmniú, na bearnaí atá ann faoi láthair agus na réitigh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, dá bhforáiltear sa Treochlár athbhreithnithe maidir leis na saotharlanna tagartha náisiúnta a tugadh i gcrích i mí Iúil 2026. Tugann an tAontas dá aire nach mór do Mhontainéagró leanúint dá iarrachtaí an líonra de shaotharlanna tagartha náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le gach réimse ábhartha i sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sábháilteacht na beatha agus an bhia faoi dháta an aontachais. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró bailchríoch a chur ar an tSaotharlann Thagartha Náisiúnta um Fhíteashláintíocht. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé creidiúnú tráthúil agus oibriú éifeachtach na Saotharlainne Tagartha Náisiúnta um Fhíteashláintíocht a áirithiú. Tá coinne ag an tAontas go gcuirfidh Montainéagró nuashonruithe rialta ar fáil go dtí tráth an aontachais, lena n-áirítear tuarascáil nuashonraithe amháin ar a laghad faoi dheireadh R2 2027 agus tuarascáil eile faoi dheireadh R4 2027, maidir le (i) na saotharlanna tagartha náisiúnta arna n-ainmniú, (ii) na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sa treochlár a cuireadh chun feidhme agus atá le cur chun feidhme, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh agus (iii) tógáil, feistiú agus stádas oibríochtúil na Saotharlainne Tagartha Náisiúnta um Fhíteashláintíocht.

Cuireann an tAontas i dtreis a ríthábhachtaí atá sé go n-áiritheoidh Montainéagró creidiúnú ISO/IEC 17025 do gach saotharlann a dhéanfaidh rialuithe oifigiúla, lena n-áiritheofar coibhéis iomlán le ceanglais an Aontais agus go n-ainmneoidh sé go foirmiúil an líonra iomlán de shaotharlanna oifigiúla agus de shaotharlanna tagartha náisiúnta mar a shonraítear faoi Rialachán (AE) 2017/625, lena n-áirítear sainorduithe soiléire, inniúlachtaí sainithe, agus sásraí comhordúcháin oibríochtúla. Tá coinne ag an Aontas go gcuirfidh Montainéagró nuashonruithe rialta ar fáil maidir leis an ábhar sin.

Aithníonn an tAontas dul chun cinn Mhontainéagró maidir le dul i mbun cúnamh teicniúil agus comhoibriú le Ballstáit an Aontais chun cumhdach cuimsitheach anailísí faoi *acquis* an Aontais a áirithiú. Tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus dá chur chun feidhme éifeachtach sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le rialacha rialaithe agus rialacha sonracha rialaithe do tháirgí ainmhithe. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé do Mhontainéagró an cumas riaracháin a neartú chun rialuithe a dhéanamh i gcomhréir leis an *acquis* sa réimse sin, ós rud é gur den ríthábhacht go mbeadh an córas rialaithe ag feidhmiú go hiomlán faoi dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire gur bunaíodh creat chun acmhainneachtaí riaracháin agus an córas rialaithe oifigiúil a neartú agus iarrann sé ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh atá fós ann i réimse leasa ainmhithe a bhaineann le rialuithe éifeachtúla agus rioscabhunaithe (ar an bhfeirm, le linn iompair agus tráth an chur chun báis).

Maidir leis an g**creat institiúideach**, tugann an tAontas dá aire go dearfach gur ghlac Montainéagró, i mí na Nollag 2025, an Leabhar Rialacha maidir le hEagrú Inmheánach agus Córasú an Riaracháin um Shábháilteacht Bia, Gnóthaí Tréidliachta agus Fíteashláintíochta, ar ar a bhonn a ghlac Montainéagró an Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe chun na hacmhainneachtaí riaracháin sa réimse sin a neartú an 23 Iúil 2026. Molann an tAontas do Mhontainéagró tuairisciú go tráthrialta ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, lena ndéantar foráil maidir le 147 n-oifigeach a earcú faoi 2030, agus go háirithe 26 oifigeach in 2026, 31 oifigeach in 2027, agus 30 oifigeach in aghaidh na bliana i ngach ceann de na 3 bliana ina dhiaidh sin. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró súil ghéar a choinneáil ar na moltaí ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na rialacha neamhchlaontachta agus coinbhleachta leasa. Chun comhlíonadh cheanglais an Aontais maidir leis na croíphrionsabail seo a áirithiú, tá an tAontas ag súil go neartóidh na húdaráis na coimircí ábhartha sa riarachán poiblí agus sna seirbhísí tarmligthe araon. Tá coinne ag an Aontas go gcuirfidh Montainéagró tuarascálacha ar fáil maidir leis na hacmhainní daonna fós le hearcú agus maidir le cásanna malartacha chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh, dhá uair sa bhliain go dtí deireadh an phlean gníomhaíochta maidir le hacmhainneacht riaracháin.

PUBLIC

Beartas Tréidliachta

Maidir le sláinte ainmhithe, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró, i mí an Mheithimh 2026, dlí nua maidir le sláinte ainmhithe lena n-ailínítear le Rialachán (AE) 2016/429 agus arb é an bunús dlí é chun ailíniú breise a dhéanamh le reachtaíocht an Aontais faoin gcreat sin. Tugann an tAontas dá aire go dtiocfaidh an dlí i bhfeidhm in 2027 agus tathantaíonn sé ar Mhontainéagró leanúint den reachtaíocht ábhartha maidir le sláinte ainmhithe a ailíniú agus a chur chun feidhme faoin reachtaíocht sin agus faoi chreataí eile agus comhlíonadh iomlán agus cur chun feidhme éifeachtach an *acquis* i réimse na sláinte ainmhithe á áirithiú ag an am céanna tráth an aontachais.

Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go gcuirfear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún chun feidhme go héifeachtach, lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429, maidir le rialacha i ndáil le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalar i ndáil le bruisealóis agus eitinn, rud atá bunriachtanach i réimse sláinte ainmhithe, d'earnáil an bhainne amh agus d'uasghrádú bunaíochtaí ábhartha chun ceanglais sláinteachais an Aontais a chomhlíonadh. Tá coinne ag an tAontas go gcuirfidh Montainéagró tuarascálacha ar fáil maidir leis an gcur chun feidhme i dtaca leis an ábhar sin, dhá uair sa bhliain go dtí tráth an aontachais. Go háirithe, tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró fianaise shoiléir infhíoraithe ar fáil lena léireofar go gcuirtear gníomhaíochtaí oifigiúla eile a bhaineann le sláinte ainmhithe chun feidhme go héifeachtach sa chleachtas agus go bhfuil sé in ann brath tráthúil agus freagairt éifeachtach ar rioscaí sláinte ainmhithe a áirithiú ar fud na críche, lena n-áirítear faisnéis faoi na húdaráis inniúla, leithdháileadh na bhfreagrachtaí, na nósanna imeachta agus na hacmhainní dá bhforáiltear chun gníomhaíochtaí oifigiúla sa réimse sin a chur chun feidhme.

Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé comhlíonadh iomlán agus cur chun feidhme an *acquis* a bheith bainte amach faoi thráth an aontachais i réimse leasa ainmhithe, lena n-áirítear ar leibhéal na feirme, le linn iompair agus tráth an chur chun báis. Is den ríthábhachtach é seo ionas go mbeidh muinín ag an bpobal as táirgeadh bia, chun aghaidh a thabhairt ar ionchais shaoránaigh an Aontais maidir le hardchaighdeáin leasa ainmhithe, agus chun iomaíocht chóir a áirithiú do tháirgeoirí reatha na mBallstát laistigh den mhargadh inmheánach.

Tugann an tAontas dá haire plean oiliúna agus fothaithe acmhainneachta Mhontainéagró le haghaidh rialuithe oifigiúla i réimse leasa ainmhithe don tréimhse 2026-2030. Ina theannta sin, tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró dul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú leis an Rialachán an 17 Meitheamh 2026 maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht agus maidir le tús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bheidh infheidhme ó lár 2028 amach.

Cuireann an tAontas in iúl nach bhfuil ailíniú déanta ag Montainéagró go fóill le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/372 maidir le soithí beostoic, rialuithe oifigiúla agus pointí imeachta, chomh maith le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/842 maidir le rialuithe oifigiúla ar leas ainmhithe ar shoithí beostoic agus iarrann sé ar Mhontainéagró a reachtaíocht a ailíniú faoi R4 2026 mar atá beartaithe. Tugann an tAontas dá aire go bhféadfaí cur chun feidhme comhsheasmhach a dhéanamh ar chaighdeáin leasa ainmhithe le linn iompair, ar leibhéal na feirme agus tráth an chur chun báis. Tá gá le hiarrachtaí maidir le forfheidhmiú agus rialuithe oifigiúla rioscabhunaithe éifeachtúla a bhaineann le leas ainmhithe sa réimse sin, lena n-áirítear foireann leordhóthanach oilte atá i gceannas ar leas ainmhithe a áirithiú. Dá bhrí sin, tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró Plean Oiliúna agus Fothaithe Acmhainneachta le haghaidh rialuithe oifigiúla i réimse leas na n-ainmhithe don tréimhse 2026-2030 a chur chun feidhme go cuí chun leibhéal leordhóthanach cur chun feidhme a bhaint amach faoi thráth an aontachais. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró tuarascálacha a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme éifeachtach i dtaca leis an ábhar sin dhá uair sa bhliain go dtí an t-aontachas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil agus an dul chun cinn atá déanta maidir le bunaíochtaí ábhartha a chlárú agus ainmhithe a shainaithint agus a chlárú. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt go práinneach ar aon easnamh atá fós ann maidir le clárú bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe, formheas bunaíochtaí áirithe ina gcoimeádtar ainmhithe agus sainaithint agus clárú ainmhithe a bhfuil gá leo le haghaidh rialuithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear bainistiú galar. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé comhlíonadh iomlán an *acquis* a bheith bainte amach sa réimse sin faoi thráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le reachtaíocht zóiteicniúil agus cuireann sé i dtreis a thábhachtaí atá sé ailíniú iomlán a bheith bainte amach leis an *acquis* sa réimse sin, amhail Rialachán (AE) 2016/1012, faoi thráth aontachas Mhontainéagró leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire **go gcomhlíonann** na bearta thuas **an ceanglas maidir leis an dara agus an tríú tagarmharc deiridh**, mar a leagtar amach i gcomhsheasamh an Aontais (AD 17/16 CONF-ME8/**16**), lena gceanglaítear ar Mhontainéagró a acmhainneacht agus a chumas a léiriú chun an *acquis* faoin gcaibidil seo a chur chun feidhme ina iomláine faoi thráth aontachas Mhontainéagró leis an Aontas. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró tuairisc rialta a thabhairt ar na forbairtí agus ar na céimeanna a rinneadh a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú rialuithe oifigiúla agus cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil sé ag súil go leanfaidh Montainéagró de chur chun feidhme a áirithiú sa réimse sin tráth a aontachais leis an Aontas.

Bia, beatha agus seachtháirge ainmhí a chur ar an margadh

Maidir leis an m**bithshábháilteacht**, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró, i mí Feabhra 2026, dlí maidir le seachtháirgí ainmhithe a bhainistiú agus a láimhseáil. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur ghlac Montainéagró, i mí na Bealtaine 2026, an Rialachán maidir le sláinteachas bia agus go bhfuil sé beartaithe aige an Rialachán maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a ghlacadh sa cheathrú ráithe de 2026. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le rialacha sláinteachais bia agus an dul chun cinn atá déanta maidir le measúnú a dhéanamh ar na bunaíochtaí a tháirgeann bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir leis na rialacha sonracha le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus an dul chun cinn atá déanta maidir le hailíniú breise leis an *acquis* sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire an Plean maidir le Bainistiú Seachtháirgí Ainmhithe nach bhfuil beartaithe lena dtomhailt ag an duine (an Plean maidir le seachtháirgí ainmhithe), a tugadh cothrom le dáta go deireanach i mí Aibreáin 2026. De réir an Phlean seo, gheall Montainéagró córas a bhunú chun seachtháirgí ainmhithe a bhailiú agus a dhiúscairt go sábháilte, i gcomhréir le rialacha an Aontais, faoi thráth an aontachais lena n-áirítear láithreáin adhlactha agus ionaid bhailiúcháin a thógáil mar aon le seachtháirgí ainmhithe ábhartha a iompar chuig tíortha comharsanachta. Ina theannta sin, gheall Montainéagró monarchana próiseála a thógáil le haghaidh seachtháirgí ainmhithe áirithe faoin 1 Eanáir 2031. Cuireann an tAontas in iúl go leanfaidh Montainéagró dá iarrachtaí an Plean maidir le seachtháirgí ainmhithe a chur chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar na saincheisteanna cur chun feidhme atá fós gan réiteach a bhaineann le comhar le tíortha eile sa réigiún maidir leis an bhféidearthacht seachtháirgí ainmhithe áirithe a onnmhairiú as Montainéagró. Tá coinne ag an Aontas go gcuirfidh Montainéagró tuarascálacha ar fáil maidir le cur chun feidhme an phlean um sheachtháirgí ainmhithe a bhainistiú roimh tráth an aontachais agus go gcuirfidh sé tuarascálacha ar fáil ansin maidir le gléasra próiseála a thógáil dhá uair sa bhliain ar a laghad go dtí mí Feabhra 2031. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn maidir leis an gcóras a bhunú chun seachtháirgí ainmhithe a bhailiú agus a dhiúscairt go sábháilte, lena n-áirítear na bunaíochtaí bia agus seachtháirgí uile a chatagóiriú agus faireachán a dhéanamh orthu. Tugann an tAontas dá aire freisin na gníomhaíochtaí a rinne Montainéagró chun na bunaíochtaí do tháirgí de bhunadh ainmhíoch a uasghrádú. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil agus an dul chun cinn atá déanta agus leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an ailínithe i réimse na seachtháirgí ainmhithe.

Comhlíonann na bearta a thíolaic Montainéagró **an ceanglas maidir leis an gcéad tagarmharc deiridh**, mar a leagtar amach i gcomhsheasamh an Aontais (AD 17/16 CONF-ME 8) é, lena gceanglaítear ar Mhontainéagró a acmhainneacht agus a chumas a léiriú chun an *acquis* faoin gcaibidil seo a chur chun feidhme go hiomlán tráth an aontachais leis an Aontas. Ag an am céanna, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a bheith tugtha ar na heasnaimh a sainaithníodh faoi thráth an aontachais agus iarrann sé ar Mhontainéagró dlús a chur leis an bpróiseas maidir le bunaíochtaí na tíre a uasghrádú.

Cuireann an tAontas i dtreis nár cheart dálaí iomaíochta éagothroma a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm bhearta solúbthachta faoi Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus (CE) Uimh. 853/2004 ar an ábhar go bhféadfadh tionchar indíreach a bheith aige sin ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart do na bearta sin leanúint de bheith comhréireach agus údar cuí a bheith leo agus níor cheart úsáid a bhaint astu chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh struchtúracha ná chun moill a chur ar infheistíochtaí riachtanacha, ná chun bunaíochtaí nach gcomhlíonann ceanglais sláinteachais fhíor-riachtanacha a údarú.

Thairis sin, meabhraítear do Mhontainéagró go mbeidh aon riail theicniúil náisiúnta arna glacadh sa réimse sin faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi Threoir (AE) 2015/1535 tráth an aontachais. Leis an nós imeachta sin, áirithítear trédhearcacht agus cuirtear ar chumas an Aontais agus na mBallstát a mheas an bhféadfadh dréachtbhearta náisiúnta bacainní gan údar ar an margadh inmheánach a chruthú.

Maidir le **rialacha sábháilteachta bia** agus rialacha sonracha, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró rialachán maidir le hábhar bia-thadhaill i mí Aibreáin 2026 agus tugann sé dá aire plean Mhontainéagró a reachtaíocht maidir le breiseáin bia, einsímí, forbhianna, bianna núíosacha agus blastáin a leasú faoin gceathrú ráithe de 2026. Maidir le héilleáin, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró, i mí na Bealtaine 2026, rialachán maidir le maidir le huasleibhéil éilleán. Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus dá chur chun feidhme éifeachtach agus an acmhainneacht riaracháin agus rialaithe is gá a áirithiú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le rialacha sábháilteachta bia lena gcumhdaítear bia-ábhair thapa reoite agus radaíocht ianúcháin. Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus dá chur chun feidhme éifeachtach agus an acmhainneacht riaracháin agus rialaithe is gá a áirithiú.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le rialacha sonracha le haghaidh beatha lena gcumhdaítear breiseáin bheathaithe, beatha chumaisc, ábhair bheatha, substaintí neamh-inmhianaithe, beatha atá beartaithe le haghaidh cothú, táirgí áirithe a úsáidtear i gcothú ainmhithe agus beatha íocleasaithe. Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus dá chur chun feidhme éifeachtach chun an acmhainneacht riaracháin agus rialaithe is gá a áirithiú.

Beartas Físeasláintíochta

Maidir le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Dlí Mhontainéagró maidir le cosaint sláinte plandaí i mí an Mhárta 2026, lena n-ailínítear an tír le Rialachán (AE) 2016/2031, arb é an creat dlíthiúil é chun córas sláinte plandaí a bhunú. Molann an tAontas do Mhontainéagró faisnéis rialta a sholáthar maidir leis na forbairtí reachtacha agus tathantaíonn sé ar Mhontainéagró leanúint de reachtaíocht thánaisteach agus threasach a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le liostú lotnaidí coraintín agus ceanglas allmhairiúcháin, na cláir ilbhliantúla suirbhéireachta agus na tuarascálacha bliantúla suirbhéireachta, chun a áirithiú go ndéanfar lotnaidí coraintín san Aontas a bhrath agus a dhíothú go luath, agus de chóras feidhmiúil pasanna plandaí a chur chun feidhme, chun a áirithiú go ndéanfar na plandaí a aistriú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme i Montainéagró.

Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró forbairt an chórais nua faisnéise físeashláintíochta i gcrích chun sonraí a bhailítear le linn rialuithe oifigiúla agus faireachais a thaifeadadh, a anailísiú agus a chomhroinnt faoi R4 2026. Measann an tAontas gur den tábhacht é gur cheart an córas faisnéise físeashláintíochta a bheith ag feidhmiú go hiomlán agus gur cheart é a úsáid go héifeachtach chun tacú le rialuithe oifigiúla agus le faireachas.

I ndáil leis an méid sin, tugann an tAontas dá aire plean Mhontainéagró an clár ilbhliantúil suirbhéireachta don tréimhse 2027 go 2037 a thíolacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2026 agus athbhreithniú a dhéanamh ar na Leabhair Rialacha ábhartha chun deireadh a chur le haon dúbláil atá ann leis an Dlí maidir le cosaint sláinte plandaí a mhéid a bhaineann le pleananna teagmhais le haghaidh lotnaidí sonracha agus pasanna plandaí sonracha. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an clár ilbhliantúil suirbhéireachta le haghaidh 2027–2037 a chur isteach, a ghlacadh agus a chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach.

Maidir le cáilíocht síolta agus ábhair eile atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar atáirgthe foraoise, tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn agus na bearta atá déanta ag Montainéagró chun reachtaíocht thánaisteach agus threasach a ailíniú agus a chur chun feidhme sa réimse sin. Is den ríthábhacht é go mbeadh córas feidhmiúil deimhniúcháin agus rialaithe i bhfeidhm ag Montainéagró maidir le síolta agus ábhair eile atáirgthe plandaí. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh Montainéagró faoi réir freisin chun na prótacail sonracha a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha nua a thástáil, ailíniú a dhéanamh le rialacha an Aontais maidir leis na nósanna imeachta um chlárú cineálacha, agus ionaid scrúdúcháin a bheith aige ar a gcuireann an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí de chúram tástáil a dhéanamh ar chineálacha, nó rochtain a bheith aige ar ionaid scrúdúcháin Ballstát eile chun na tástálacha sin a dhéanamh.

Ina theannta sin, in earnáil an ábhair atáirgthe foraoise, tá an tAontas ag súil go mbeidh córas feidhmiúil ag Montainéagró maidir le bunábhar a fhormheas agus maidir le hábhar atáirgthe foraoise díorthaithe a dheimhniú lena mhargú i gcomhréir le rialacha comhfhreagracha an Aontais. Sna hearnálacha sin go léir, ní mór do Mhontainéagró córas éifeachtach um maoirseacht oifigiúil ar oibreoirí gairmiúla a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir lena bhallraíocht san Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV).

Maidir le lotnaidicídí, is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Dlí nua maidir le Táirgí Cosanta Plandaí, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, i mí Aibreáin 2026, agus tugann sé dá aire nach dtáirgtear táirgí cosanta plandaí i Montainéagró. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró feabhas a chur ar an gcóras atá aige chun údaruithe a dheonú le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus/nó aitheantas frithpháirteach a thabhairt do na húdaruithe sin arna ndeonú ag Ballstáit eile den Aontas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus chun faireachán a dhéanamh ar iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró freisin acmhainneachtaí institiúideacha a bhunú chun córais sin an Aontais a chur chun feidhme i bhfoirm struchtúr is iomchuí do Mhontainéagró faoi dháta an aontachais.

PUBLIC

Maidir le saotharlanna, tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ar intinn ag Montainéagró saotharlanna tagartha náisiúnta a ainmniú faoi mhí na Nollag 2026 i gcás na saotharlann atá lonnaithe i gcríoch Mhontainéagró agus faoi mhí an Mheithimh 2027 i gcás na saotharlann atá lonnaithe i mBallstát den Aontas. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró oibriú le saotharlanna creidiúnaithe nuair a bheifear ag déanamh measúnú ar fhoirmliú táirgí cosanta plandaí, agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí a d'eascair as an anailís ar bhearnaí acmhainneachtaí saotharlainne CETI i ndáil le hiarmhair lotnaidicídí agus foirmlithe táirgí cosanta plandaí i Montainéagró, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúnachas agus forbairt bhreise a chreata beartais maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí a áirithiú i ndiaidh deireadh a bheith tagtha leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta atá ann faoi láthair, lena gcumhdaítear an tréimhse 2021 go 2026, i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE.

Maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí atá déanta ag Montainéagró agus tathantaíonn sé ar an tír a áirithiú go bhfágfaidh a struchtúir riaracháin go bhféadfar an córas a chur chun feidhme go héifeachtach sa chleachtas. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go n-áiritheoidh Montainéagró go ndéanfar ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, lena n-áirítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú, faoi dháta an aontachais, go háirithe acmhainneachtaí riaracháin, institiúideacha, teicniúla agus saotharlainne lena chur i bhfeidhm éifeachtach a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire plean Mhontainéagró comhaontuithe a thabhairt i gcrích le saotharlanna náisiúnta Bhallstáit an Aontais maidir le tástáil OGManna.

Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta fíteashláintíochta i réimsí a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, déanfaidh Montainéagró na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar ailíniú le seasamh an Aontais roimh an aontachas.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ó Mhontainéagró ar idirthréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2030 le haghaidh bunaíochtaí in earnálacha na feola, an bhainne, na n-uibheacha agus an éisc nach mbeidh i gcomhréir leis na ceanglais struchtúracha de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus Uimh. 853/2004 lá aontachais Mhontainéagró leis an Aontas. Measann an tAontas go bhfuil an idirthréimhse a iarradh inghlactha, ach cuireann sé i bhfios go láidir nach gcuirfear táirgí a dhíorthaítear ó na bunaíochtaí sin ar mhargadh Ballstát eile agus nach gcuirfí iad ach ar mhargadh Mhontainéagró agus ar mhargaí tríú tíortha, le linn na hidirthréimhse, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Cuireann an tAontas i dtreis freisin nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag beart den sórt sin ach amháin maidir le ceanglais struchtúracha agus bunaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 12 agus nach gceadófaí do na bunaíochtaí sin a dtáirgí a thrádáil le Ballstáit eile den Aontas. Ní mór an idirthréimhse a bheith teoranta go dtí an 31 Lúnasa 2030 agus ní bheidh feidhm aici ach amháin maidir le líon teoranta bunaíochtaí atá sainithe go soiléir agus a bhfuil am breise de dhíth orthu chun a bpróiseas uasghrádaithe a thabhairt chun críche. Ag deireadh na hidirthréimhse, scoirfidh bunaíochtaí neamhchomhlíontacha dá ngníomhaíochtaí. Chun leithscaradh agus inrianaitheacht éifeachtach a áirithiú, beidh marc aitheantais sonrach ar tháirgí ó na bunaíochtaí sin, ar marc é a bheidh le sainiú agus le cur chun feidhme luath go leor roimh an aontachas.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ó Mhontainéagró ar idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2030 le haghaidh seachadtaí bainne amh nach gcomhlíonann na ceanglais sláinteachais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Measann an tAontas go bhfuil an idirthréimhse a iarradh inghlactha, ach cuireann sé in iúl nach gcuirfear táirgí ón mbainne amh sin ar mhargadh Ballstát eile agus nach gcuirfí iad ach ar mhargadh Mhontainéagró agus ar mhargaí tríú tíortha, le linn na hidirthréimhse, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Leagann an tAontas béim ar a ríthábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh bunaíochtaí an *acquis* chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun ardleibhéal cosanta a ráthú. Le linn na tréimhse sin, déanfar bainne de thionscnamh na ngabháltas neamhchomhlíontach sin a bhailiú ar leithligh agus ní úsáidfear é ach chun táirgí déiríochta a tháirgeadh a mbeidh a gcur ar an margadh teoranta do chríoch Mhontainéagró nó do mhargaí tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Chun leithscaradh agus inrianaitheacht éifeachtach a áirithiú, beidh marc aitheantais sonrach ar na táirgí sin, ar marc é a bheidh le sainiú agus le cur chun feidhme luath go leor roimh an aontachas. Meabhraítear don Aontas go gcuirfidh Montainéagró líon na mbunaíochtaí lena mbaineann an dá idirthréimhse in iúl in am trátha roimh thráth an aontachas. Ina theannta sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go gcuirfidh Montainéagró na bearta inrianaitheachta agus na marcanna aitheantais le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann in iúl tráth nach déanaí ná bliain amháin roimh an aontachas.

PUBLIC

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint de dhul chun cinn a léiriú maidir le hailíniú a dhéanamh le *acquis* ábhartha an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme. Go háirithe, ní féidir an cuspóir sin a áirithiú go dtí go bhfaighidh tréada nó gabháltais stádas oifigiúil saor ó ghalar i ndáil le heitinn agus bruisealóis bhólachta. Dá bhrí sin, is réamhchoinníoll riachtanach sáraitheach é an stádas sin a bhaint amach má táthar le bainne amh a chur ar an margadh, lena n-áirítear cásanna ina ndéantar táirgí neamhchomhlíontacha a theorannú don mhargadh intíre. Ní féidir maoluithe, cleachtais thraidisiúnta, córais tástála ná socruithe idirthréimhseacha a chur in ionad an cheanglais sin. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht é go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalar i ndáil le bruisealóis agus eitinn, chun dul chun cinn a áirithiú i dtreo chomhlíonadh *acquis* an Aontais.

* * *

I bhfianaise na mbreithnithe a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire **nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo** ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin Mhontainéagró a áirithiú, agus a chumas an *acquis* sa chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus an t-ailíniú reachtach a thabhairt chun críche a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró le *acquis* an Aontais agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis* agus lena acmhainneacht riaracháin a neartú.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, i seasamh caibidlíochta AD 4/16 REV1 CONF-ME 3 agus AD 59/26 CONF-ME 23 uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 12 mar atá i bhfeidhm ón 30 Meitheamh 2026, agus go ndearbhaíonn Montainéagró go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta an aontachais leis an Aontas Eorpach, cé is moite de na réimsí sin ar iarr sé idirthréimhsí ina leith.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 30 Meitheamh 2026 agus dáta an aontachais.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN II

a ghabhann leis an dréacht-chomhsheasamh athbhreithnithe ar chaibidil 12

(Sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus físeasláintíochta)

Iarscríbhinn dhlíthiúil

Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht Mhontainéagró agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

CUID [XXX]

FORÁLACHA SEALADACHA

TEIDEAL [XX] — FORÁLACHA EILE

Airteagal [XX]

Má tá gá le bearta idirthréimhseacha chun éascú a dhéanamh ar an aistriú ón gcóras atá ann i Montainéagró go dtí an córas a eascróidh ó chur i bhfeidhm rialacha tréidliachta, físeasláintíochta agus sábháilteachta bia an Aontais, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Glacfar na bearta sin le linn tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN [XX]

Liosta dá dtagraítear in Airteagal [XX] den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha

[X]. SÁBHÁILTEACHT BIA, BEARTAS TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

I. BUNAÍOCHTAÍ (FEOIL, BAINNE, IASC AGUS UIBHEACHA)

32004 R 0852: Rialachán (CE) Uimh 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhar (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

32004 R 0853: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

1. Go dtí an 31 Lúnasa 2030, faoi na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 3 go 6, ní bheidh feidhm ag na ceanglais struchtúracha a leagtar síos sa mhéid seo a leanas maidir le bunaíochtaí a liostaítear i gcomhréir le mír 2 in earnálacha na feola, an bhainne, an éisc agus na n-uibheacha i Montainéagró:

   (a) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

   – Iarscríbhinn II, Caibidil II;

   (b) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

   – Iarscríbhinn III, Roinn I, Caibidlí II agus III,

   – Iarscríbhinn III, Roinn II, Caibidlí II agus III,

PUBLIC

– Iarscríbhinn III, Roinn V, Caibidil I;

– Iarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil III;

– Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidlí I agus II;

– Iarscríbhinn III, Roinn X, Caibidlí I agus II.

2. In am trátha roimh an aontachas, bunóidh an Coimisiún liosta na mbunaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. Cuirfear an liosta sin ar fáil don phobal agus cuimseofar ainm agus seoladh gach bunaíochta ann.

3. Ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar mhargadh náisiúnta Mhontainéagró nó ar mhargaí tríú tíortha i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó ní úsáidfear iad ach le haghaidh tuilleadh próiseála i mbunaíochtaí i Montainéagró a chumhdaítear freisin le mír 1, gan beann ar an dáta margaíochta.

4. Beidh marc sláinte nó aitheantais ar tháirgí ó na bunaíochtaí sin, ar marc é a bheidh éagsúil leis an marc dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuirfear tuairisc shoiléir ar an marc sláinte nó aitheantais éagsúil sin chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná bliain roimh dháta an aontachais.

5. Áiritheoidh údaráis inniúla Mhontainéagró go n-úsáidfear na marcanna sláinte nó aitheantais dá dtagraítear i mír 4 go heisiach le haghaidh na dtáirgí dá bhfuil siad beartaithe agus go gcosnófar iad ar úsáid chalaoiseach nó neamhúdaraithe.

6. Tá feidhm ag míreanna 3 agus 4 freisin maidir leis na táirgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí comhtháite feola, bainne, iascaigh nó uibheacha nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir mhír 1.

PUBLIC

7. Déanfaidh Montainéagró faireachán leanúnach ar chur chun feidhme an chláir náisiúnta um uasghrádú bunaíochtaí agus cuirfidh sé plean leathbhliantúil maidir leis an dul chun cinn ina leith sin ar fáil don Choimisiún. Áiritheoidh Montainéagró go n-ullmhófar plean uasghrádaithe ar leith le haghaidh gach ceann de na bunaíochtaí sin, lena ngabhann spriocdhátaí faoina gceartófar na ceanglais struchtúracha, agus go gcuirfear an plean sin ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin.

8. Maidir le bunaíochtaí nach n-éireoidh leo, faoi dháta an aontachais, *acquis* an Aontais maidir le sábháilteacht bia a chomhlíonadh go hiomlán, áiritheoidh Montainéagró go gcuirfidh siad deireadh lena ngníomhaíochtaí, ach amháin i gcás ina gcumhdaítear iad le forálacha an bhirt idirthréimhsigh seo.

9. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuasluaite a áirithiú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus le hAirteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 faoi seach.

II. PRÓISEÁIL BAINNE NEAMHCHOMHLÍONTAIGH

32004 R 0853: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

1. Go dtí an 31 Nollaig 2030, féadfaidh bunaíochtaí próiseála déiríochta i Montainéagró seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann ceanglais Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, Cuid III, pointe 3(a), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

2. Go dtí an 31 Nollaig 2030, féadfaidh bunaíochtaí próiseála déiríochta i Montainéagró leanúint de bhainne comhlíontach agus neamhchomhlíontach araon a phróiseáil ar an líne tháirgthe chéanna, ar choinníoll go gcoinnítear an bainne comhlíontach agus neamhchomhlíontach scartha ó chéile ó phointe an bhailithe ar aghaidh go dtí céim an táirge deiridh, lena n-áirítear ag an ngabháltas le linn na gcéimeanna iompair, glactha, stórála agus próiseála, agus go ndéantar an phróiseáil sin i dtástálacha táirgthe ar leithligh tar éis phróiseáil an bhainne chomhlíontaigh, go ndéantar í a scaradh amach, agus go mbeidh sí faoi réir nósanna imeachta lena n-áirithítear nach dtarlaíonn aon traséilliú.

3. Gan dochar do mhír 1, comhlíonfaidh bunaíochtaí próiseála déiríochta ceanglais an Aontais is infheidhme maidir le bunaíochtaí, lena n-áirítear cur chun feidhme phrionsabail na hAnailíse Guaise agus an Phointe Rialúcháin Chriticiúil (AGPRC) dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, agus léireoidh siad a gcumas na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh, lena n-áirítear tríd an líne tháirgthe agus na clóis ar leithligh a úsáidtear chun bainne neamhchomhlíontach a phróiseáil a shainaithint.

Déanfaidh oibreoirí na mbunaíochtaí sin an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go ndéanfar bainne comhlíontach agus neamhchomhlíontach a scaradh go héifeachtach ó chéim an bhailithe go dtí céim an táirge deiridh, lena n-áirítear ag an ngabháltas le linn na gcéimeanna iompair, glactha, stórála agus próiseála agus ag céim dáilte na dtáirgí deiridh, lena n-áirítear bealaí bailithe bainne ar leithligh, stóráil agus cóireáil ar leithligh ar bhainne comhlíontach agus neamhchomhlíontach faoi seach, pacáistiú agus lipéadú sonrach ar tháirgí a dhíorthaítear ó bhainne neamhchomhlíontach, agus stóráil na dtáirgí sin ar leithligh;

(b) nósanna imeachta a bhunú lena n-áiritheofar inrianaitheacht amhábhar agus táirgí, lena n-áirítear taifeadadh doiciméadach ar ghluaiseachtaí táirgí agus cuntas a thabhairt ar bhainne amh comhlíontach agus neamhchomhlíontach, agus iad a réiteach, le catagóirí agus cainníochtaí na dtáirgí a tháirgtear;

(c) a áirithiú go gcuirfear gach bainne amh neamhchomhlíontach faoi chóireáil teasa 71,7 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind, nó faoi chóireáil eile lena mbainfear leibhéal coibhéiseach sábháilteachta amach;

(d) a áirithiú go n-úsáidfear na marcanna sláinte nó aitheantais dá dtagraítear i mír 6 go heisiach le haghaidh na dtáirgí dá bhfuil siad beartaithe agus go gcosnófar iad ar úsáid chalaoiseach nó neamhúdaraithe.

PUBLIC

4. Déanfaidh údaráis inniúla Mhontainéagró mar a leanas:

(a) a áirithiú go ndéanfaidh oibreoir nó bainisteoir gach bunaíochta na bearta uile is gá chun gur féidir na nósanna imeachta inmheánacha a chomhlíonadh go cuí chun bainne a dheighilt;

(b) tástálacha agus rialuithe gan foláireamh a dhéanamh maidir le comhlíonadh deighilte bainne; agus

(c) tástálacha a dhéanamh i saotharlanna formheasta ar na táirgí amha agus críochnaithe go léir chun a fhíorú go gcomhlíonann siad ceanglais Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, lena n-airítear na critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh táirgí atá bunaithe ar bhainne.

5. Maidir le táirgí déiríochta a dhíorthaítear ó bhainne neamhchomhlíontach, ní chuirfear iad ach:

(a) ar mhargadh náisiúnta Mhontainéagró, gan beann ar dháta an mhargaithe; nó

(b) ar mhargaí tríú tíortha i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

6. Beidh marc aitheantais ar tháirgí déiríochta a dhíorthaítear ó bhainne neamhchomhlíontach a bheidh éagsúil leis an marc dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuirfear tuairisc shoiléir ar an marc sin chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná bliain roimh dháta an aontachais.

7. I gcás táirgí atá bunaithe ar bhainne amh comhlíontach a phróiseáiltear ar líne tháirgthe ar leith, féadtar iad a mhargú mar tháirgí comhlíontacha ar choinníoll go gcoinnítear na coinníollacha uile maidir le scaradh línte táirgthe na dtáirgí.

PUBLIC

8. Áiritheoidh Montainéagró, de réir a chéile, go gcomhlíonfaidh bainne amh ceanglais an Aontais is infheidhme agus déanfaidh sé faireachán leanúnach ar chur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um fheabhsú cáilíocht bainne amh agus soláthróidh sé don Choimisiún tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le gabháltais déiríochta a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Cuirfear an chéad tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2028, ar a dhéanaí, agus cuirfear an dara tuarascáil faoina bhráid faoin 31 Nollaig 2029, ar a dhéanaí. Úsáidfear an fhoirm seo a leanas le haghaidh na dtuarascálacha sin.

Réigiún	An líon iomlán gabháltas déiríochta 31.12.2028	An líon gabháltas déiríochta ag a bhfuil bainne neamhchomhlíontach * 31.12.2028	% na ngabháltas neamhchomhlíontach * as an iomlán 31.12.2028	Toirt iomlán an bhainne neamhchomhlíontaigh 31.12.2028	% de thoirt iomlán an bhainne neamhchomhlíontaigh 31.12.2028	An líon iomlán gabháltas déiríochta 31.12.2029	An líon gabháltas déiríochta ag a bhfuil bainne neamhchomhlíontach * 31.12.2029	% na ngabháltas neamhchomhlíontach * as an iomlán 31.12.2029	Toirt iomlán an bhainne neamhchomhlíontaigh 31.12.2029	% de thoirt iomlán an bhainne neamhchomhlíontaigh 31.12.2029

* Tagraíonn an chomhlíontacht seo do chomhlíonadh na n-uasteorainneacha is infheidhme maidir le háireamh iomlán cóilíneachtaí agus áireamh ceall sómach, arna gcinneadh trí úsáid a bhaint as an meán geoiméadrach rollach thar na tréimhsí measúnaithe ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, Cuid III, pointe 3(a)(i), a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Faoin bhforáil sin, déantar measúnú ar chomhlíontacht le haghaidh bainne bó amh trí úsáid a bhaint as meán geoiméadrach rollach thar thréimhse 2 mhí (agus dhá shampla ar laghad in úsáid in aghaidh na míosa) le haghaidh áireamh cóilíneachtaí iomlán agus meán geoiméadrach rollach thar thréimhse 3 mhí (agus sampla amháin in úsáid in aghaidh na míosa ar a laghad) le haghaidh ceall sómach.

PUBLIC

9. Áiritheoidh Montainéagró go gcuirfear deireadh le seachadadh bainne amh neamhchomhlíontach lena mbaineann na ceanglais sin faoin 31 Nollaig 2030 ar a dhéanaí.

10. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú.

PUBLIC